Cruinniú 17: Mol Digiteach Brú, an tSráid Thiar, Droichead Átha

Aoine 21 Aibreán 2023

Tosóidh foireann Seirbhíse Pobail Phromhaidh Lú obair ghlantacháin ar reilg Bhóthar na Corda an tseachtain seo chugainn.

Óstálfaidh an Comhordaitheoir Náisiúnta ón gClár Tuairiscithe um Imeaglú Bainteach le Drugaí (DRIVE) seisiún eolais sa Monasterboice Inn ar an 10 Bealtaine 2023. Tá sé seo mar fhreagairt ar ghníomh 3.9 de Phlean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha agus anuas ar cheardlanna atá ar fáil ar líne go náisiúnta.

Tá tús curtha leis an bpróiseas Measúnaithe Tionchair um Choireacht sa Phobal.

Bhuail Bainisteoir Seirbhíse Meabhairshláinte CHO8 FSS leis an bhfoghrúpa um Thacaíocht do Theaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachais agus thug sé léargas cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí meabhairshláinte sa cheantar. Sainaithníodh roinnt gníomhaíochtaí leantacha.

Beidh tionscadail chomhoibríocha ealaíne óige a d'eascair as cruinniú Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha 'Commencing the Conversation' i mí Mheán Fómhair seo caite ar siúl mar chuid d'Fhéile Ealaíne Dhroichead Átha – ina measc tá Féile Ealaíne Óige Dhroichead Átha, comhpháirtíocht idir Droichead Arts Centre agus Caifé Óige Boomerang; agus Pride and Picturesque, comhpháirtíocht idir Droichead Arts Centre; Obair d'Ógra Éireann, an Lú; agus Tionscadal Athstiúrtha don Óige Cable de chuid Foróige.

Tá na hoibreacha ar an Ionad Nua Oiliúna do Phrintísigh ag BOOLM curtha i gcrích agus tá foireann á cur le chéile.

Aontaíodh go ndéanfar aighneacht ó Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha maidir le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail.

Cuirfear litreacha tairisceana agus comhaontuithe deontais chuig iarratasóirí rathúla ar dheontais bheaga ó Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha sna seachtainí amach romhainn.